



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Feabhra 2019  
(OR. en)

6179/19

MOG 14  
COPS 33  
CFSP/PESC 102  
COHAFA 13  
RELEX 108  
YEMEN 2

#### **TORADH NA nIMEACHTAÍ**

|        |                                                                                         |
|--------|-----------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:     | Ardrúnaíocht na Comhairle                                                               |
| chuig: | na toscaireachtaí                                                                       |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le hÉimin<br>- Conclúidí ón gComhairle (18 Feabhra 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le hÉimin, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici ar an 18 Feabhra 2019.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE hÉIMIN**

**An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 18 Feabhra 2019**

1. Meabhraíonn an tAontas na conclúidí ón gComhairle maidir le hÉimin roimhe seo, go háirithe iad siúd ar an 25 Meitheamh 2018, a leanann de chreat beartais a thabhairt i ndáil leis an ngéarchéim in Éimin, agus athdhearbhaíonn sé a thiomantas d'aontacht, do cheannasacht, do chobhsaíocht, do neamhspleáchas agus d'iomláine chríochach Éimin.
2. Is díol sásaimh don Aontas "Comhaontú Stócólm" ar ar thángthas idir ionadaithe na bpáirtithe ó Éimin faoi choimirce na Náisiún Aontaithe i mí na Nollag 2018. Is toradh ar rannpháirtíocht chomhchoiteann na bpáirtithe agus thoscaire speisialta na Náisiún Aontaithe é an dul chun cinn a rinneadh i Stócólm, a raibh páirt ghníomhach ag an Aontas gona Ballstáit ann. Molann an tAontas freisin an tacaíocht a thug an tSualainn, Cuáit agus Óman chun atosú cainteanna polaitiúla a bhaint amach. Leanfaidh an tAontas gona Bhallstáit de dhul i dteagmháil go gníomhach le gach páirtí sa choinbhleacht agus tá siad tiomanta tacaíocht bhreise a thabhairt don phróiseas polaitiúil faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear trí idirphlé polaitiúil leis na gníomhaithe réigiúnacha ábhartha, agus arb é is aidhm dó leanúint de thorthaí follasacha a bhaint amach, deireadh a chur leis an gcoinbhleacht agus timpeallacht réigiúnach fheabhsaithe a chothú.
3. Athdhearbhaíonn an tAontas nach bhféadfar críoch a chur leis an gcoinbhleacht in Éimin ach le réiteach polaitiúil cuimsitheach caibidlíthe. Iarrann an tAontas ar gach páirtí a thiomantas don phróiseas faoi stiúir na Náisiún Aontaithe a choinneáil i bhfianaise na gcainteanna a bheidh ar siúl amach anseo. Athdhearbhaíonn an tAontas nach féidir síocháin inbhuanaithe a bhaint amach ach amháin trí chaibidlíocht le rannpháirtíocht dháiríre ó na páirtithe uile lena mbaineann, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, na mná agus an óige.
4. Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh d'aon ghuth Rún 2451 agus Rún 2452 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chuireann taca faoi Chomhaontú Stócólm agus a chuireann ar bun misean na Náisiún Aontaithe chun tacú le Comhaontú Hodeidah (UNMHA).

5. Cáineann an tAontas go tréan gach gníomh a chuireann i mbaol an dul chun cinn atá bainte amach ag na páirtithe in Éimin ag na cainteanna faoi stiúir na Náisiún Aontaithe i Stócólm. Ní mór do gach taobh anois guaim a choinneáil air féin, gníomhaíochtaí a bhainfeadh an bonn den dul chun cinn atá bainte amach a sheachaint agus na comhaontuithe a urramú, beart agus briathar. Meabhraíonn an tAontas a phráinne is atá sé comhlíonadh fhorálacha Chomhaontú Hodeidah a áirithiú, lena n-áirítear ath-implonú frithpháirteach na bhfórsaí ó chathair Hodeidah agus ó chalafoirt Hodeidah, Saleef agus Ras Issa.
6. Is díol sásaimh don Aontas ath-implonú réamhfhoinne faireacháin go dtí Hodeidah agus iarrann sé ar na páirtithe uile teagmháil dhearfach a dhéanamh leis an gcoiste comhordúcháin ath-implonnaithe agus cur i gcrích imlonnú phearsanra na Náisiún Aontaithe a éascú. Ní mór do gach páirtí comhoibriú go hiomlán leis na Náisiúin Aontaithe, sábháilteacht agus slándáil phearsanra UNMHA agus UNVIM a áirithiú, agus gluaiseacht ghasta gan bhac de phearsanra, trealamh agus soláthairtí riachtanacha isteach go dtí Éimin agus laistigh den tír a éascú i gcomhréir le Rún 2542 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, go háirithe iad siúd atá ag teastáil chun oibríochtaí iomlána UNMHA a bhunú, a thosú agus chothú.
7. Is díol sásaimh don Aontas na chéad chruinnithe den choiste leantach maoirseachta maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe um malartú príosúnaithe a tharla in Amman. Is díol sásaimh freisin don Aontas gur scaoil an dá pháirtí príosúnaithe ina dhiaidh sin mar chomhartha spreagúil agus tá sé ag súil go leanfaidh na páirtithe dul i dteagmháil lena chéile agus leis an toscaire speisialta agus le Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge i ndáil le cur chun feidhme leanúnach an chomhaontaithe roimh an gcéad bhabhta eile den chaibidlíocht.
8. I dtaca le hobair an Chomhchoiste arna bhunú faoin Ráiteas Tuisceana maidir le cathair Taiz, iarrann an tAontas ar na páirtithe a fhorálacha a chur chun feidhme go hiomlán d'fhonn teacht ar chomhaontú sosa comhraic cuimsitheach a bhaint amach.

9. Leanfaidh an tAontas gona Bhallstáit tacaíocht pholaitiúil, airgeadais agus tacaíocht eile a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe ina gcuid iarrachtaí chun Comhaontú Stócólm a chur chun feidhme agus féachfaidh siad go gníomhach ar na roghanna nithiúla eile chun na críche sin. Is díol sásaimh don Aontas gach iarracht a rinneadh chun aird a dhíriú ar an ngá le mear-thionscnaimh chobhsaíochta, lena n-áirítear trí thacaíocht do Shaoráid Tacaíochta Síochána na Náisiúin Aontaithe le haghaidh Éimin atá nasctha go díreach leis an bpróiseas síochána mar a pléadh ag an idirphlé ardleibhéal straitéise maidir leis an bpróiseas síochána agus a bhfuil i ndán ó thaobh cobhsaíochta in Éimin, a bhí ar siúl i mBeirlín ar an 16 Eanáir 2019.
10. Tá an tAontas réidh freisin tacú le beart chun aerfort idirnáisiúnta Sana a oscailt athuair, meabhraíonn sé nádúr daonnúil an ghnímh sin, agus molann sé iarrachtaí thoscaire speisialta na Náisiúin Aontaithe agus na páirtithe uile teacht ar chomhaontú ar an mbeart ríthábhachtach seo chun cur le muinín.
11. Iarrann an tAontas ar na páirtithe uile seachadadh soláthairtí tráchtála, breosla san áireamh, a éascú. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an tAontas gur den ríthábhacht é feidhmiú chalafort Hodeidah, taobh le calafort Saleef agus calafort Ras Issa go mairfidh na milliúin Éimeanach. Chuige sin, leanfaidh an tAontas lena thacaíocht do Shásra Fíoraithe agus Cigireachta na Náisiúin Aontaithe (UNVIM) d'fhonn á áirithiú go leanfaidh an sreabh earraí tráchtála isteach go dtí Éimin agus lánurraim á tabhairt ar na rúin ábhartha uile ó Chomhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe.
12. Áitíonn an tAontas ar na páirtithe uile sa choinbhleacht cosaint sibhialtach a áirithiú, leanaí san áireamh, agus dlí daonnúil idirnáisiúnta agus dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a urramú ina n-iomláine. Iarrann an tAontas ar na páirtithe uile sa choinbhleacht rochtain shábháilte, thapa gan bhac do sholáthairtí agus foirne daonnúla ar dhaoine i ngátar a áirithiú i ngach gobhanóireacht atá thíos.

13. Meabhraíonn an tAontas, a thug níos mó na EUR 560 milliún ó thús na coinbhleachta, an imní atá air faoin gcruachas uafásach daonnúil in Éimin agus leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na príomhchúiseanna dó trí chomhordú ceart idir gníomhaíochtaí slándála, polaitiúla, daonnúla agus forbartha. Thairis sin, athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé tacú le hathléimneacht an daonra agus na n-institiúidí ar gach leibhéal, agus na ngníomhaithe eacnamaíocha, ionas nach gclisfidh ar bhunfheidhmithe an stáit agus go mbeidh bonn ann don atógáil. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an tAontas an gá tacú le hacmhainneachtaí Bhanc Ceannais Éimin. Maolófar an brú ar na milliúin saoránach, lena n-áirítear i limistéir inar braitheadh gorta cheana féin, má chuirtear beartas fóna airgeadaíochta ar bun agus má íoctar tuarastail agus pinsin státseirbhíseach ar fud na tíre.
14. Iarrann an tAontas ar na deontóirí uile ranníocaíochtaí a dhéanamh ag an gcéad chomhdháil eile deontóirí i ndáil le hÉimin a dhéanfaidh an tSualainn, an Eilvéis agus na Náisiún Aontaithe a chomh-óstáil sa Ghinéiv ar an 26 Feabhra 2019 agus ar a dtabharfar freagairt don phlean is mó riamh maidir le freagairt dhaonnúil ó na Náisiúin Aontaithe. Iarrann an tAontas an athuair ar na gníomhaithe uile a ngealltanais dhaonnúla a sheoladh trí phlean freagartha na Náisiún Aontaithe mar chuid den fhreagairt idirnáisiúnta dhea-chomhordaithe don ghéarchéim.
15. Agus uair na cinniúna ann le haghaidh Éimin amach anseo, athdhearbhaíonn an tAontas a thacaíocht iomlán do na Náisiúin Aontaithe agus obair Thoscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe, Martin Griffiths, agus UNMHA. Iarrann an tAontas ar na páirtithe uile in Éimin agus sa réigiún Rún 2451 agus Rún 2452 ó Choiste Slándála na Náisiún Aontaithe a urramú agus dul i mbun oibre ar bhealach cuiditheach chun réiteach cuimsitheach polaitiúil inbhuanaithe a bhaint amach chun leas mhuintir Éimin.